Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2010

# Matamaitic



## Modúl N2 Páipéar 1
## (Gan Áireamhán)
## Bonnsraith

**[GMN21]**

GMN21

**DÉ MÁIRT 1 MEITHEAMH**

**9.15 am – 10.00 am**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** den **aon** cheist **déag**.
Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.
**Níl cead** agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.


**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.
Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| Marc Iomlán | |

# Bileog Foirmlí

**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** Taispeánann an léaráid gais is duillí an aois a bhí 24 bean a ghlac páirt sa spraoi-rás 8 km “Runher” i mBéal Feirste i mí Dheireadh Fómhair 2008.

| | |
|---|---|
| 1 | 8 9 9 |
| 2 | 0 1 1 4 5 |
| 3 | 2 3 3 3 6 7 8 9 |
| 4 | 0 1 2 4 4 5 |
| 5 | 3 4 |

Eochair: 18 mbliana d’aois is ciall de 1 | 8

**(a)** Scríobh an aois mhódúil.

Freagra ___________ [1]

**(b)** Cá mhéad bean a bhí níos lú ná 35 bliain d’aois?

Freagra ___________ [1]

**(c)** Tá an cheathrú cuid ghlan de na mná os cionn aois áirithe.
Cad é an aois áirithe sin?

Freagra ___________ [2]

---

**2** Réitigh na cothromóidí


**(a)** $7x - 4 = 38$

Freagra $x =$ _______________ [2]

**(b)** $\frac{x}{4} = 7$

Freagra $x =$ _______________ [1]


**3** **(a)** Faigh méid na huillinne marcáilte $x$ sa léaráid.




Níl an léaráid tarraingthe go beacht

Freagra $x$ = ________° [2]

**(b)** Is triantán comhchosach é ABC mar a bhfuil AB = AC.
Faigh méid na huillinne marcáilte $y$ sa léaráid.




Níl an léaráid tarraingthe go beacht

Freagra $y$ = ________° [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Ríomh

**(a)** $\frac{2}{5} \times \frac{1}{10}$

**Scríobh do fhreagra san fhoirm is simplí.**

Freagra ______________ [2]

**(b)** $\frac{13}{15} - \frac{2}{5}$

Freagra ______________ [2]

**(c)** $2^3 \times 6^2$

Freagra ______________ [2]


Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**5** **(a)** Thástáil meicneoir seacht gcarr don luach $CO_2$ a d'astaigh siad. Tarraing scaipléaráid, ag breacadh méid innill ar astú $CO_2$.

| **Déanamh** | **Múnla** | **Méid innill ($\ell$)** | **Astú $CO_2$ (g/km)** |
|---|---|---|---|
| Audi | A3 | 1.9 | 118 |
| BMW | 1 Series | 2.0 | 120 |
| Citroën | C1 | 1.4 | 109 |
| Ford | Fiesta | 1.4 | 110 |
| Ford | Focus | 1.6 | 115 |
| Seat | Ibiza | 1.4 | 100 |
| Volkswagen | Golf | 1.9 | 119 |

[2]




**(b)** Is cosúil go bhfuil toradh amháin acu difriúil leis na torthaí eile. Cén carr atá i gceist?

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Úsáid na torthaí eile le líne an oiriúnaithe is fearr a tharraingt. [1]

**(d)** Úsáid líne an oirúnaithe is fearr le meastachán a dhéanamh ar an luach $CO_2$ a d'astaigh Fiat dar méid innill 1.3l.

Freagra _________ g/km [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Tá 18 gcailín agus 12 bhuachaill i rang.
Tá spéaclaí ag seisear cailíní agus tá spéaclaí ag triúr buachaillí.
Cén céatadán den rang a bhfuil spéaclaí acu?

Freagra _________% [3]

---

**7** **(a)** Scríobh an chéad 3 théarma sa seicheamh nuair is é $n^2 + 2$ an $n$ú téarma

Freagra _________, _________, _________ [2]

**(b)** Faigh an $n$ú téarma sa seicheamh

2, 6, 10, 14, 18, ........................

Freagra _______________ [2]

**(c)** Fachtóirigh $10b + 15$

Freagra _______________ [1]

---

**8** **(a)** Athraigh 2.6 $m^2$ ina $cm^2$.

Freagra _______________ $cm^2$ [2]

**(b)** Is é 14 kg meáchan mála guail, ceart go dtí an kg is cóngaraí.
Scríobh an meáchan is lú is féidir a bheith sa mhála guail.

Freagra _______________ kg [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** **(a)** Ríomh an ICL (an t-iolraí coiteann is lú) de 54 agus 60

Freagra _______________ [3]

**(b)** Ríomh an FCA (an fachtóir coiteann is airde) de 54 agus 60


Freagra _______________ [1]

---

**10** Cheannaigh Seán ceithre úll ar $x$ pingin an ceann agus ceithre channa cóla ar $2x$ pingin an ceann.
Fuair sé briseadh £1.28 as £5
**Scríobh cothromóid** i dtéarmaí $x$ agus réitigh í le luach $x$ a fháil.

Freagra _______________ [4]

**11** Sheachaid "OILCO" ola ar thriúr custaiméirí Dé Luain, 2 Feabhra. Luaigh siad praghas do gach custaiméir ach bhí an méid airgid a bhí le híoc acu ag brath ar an dáta a d'íocfadh siad é. Úsáid an tsreabhchairt leis an tábla a chomhlánú.




| Méid luaite | Dáta | Méid íoctha |
|---|---|---|
| £500 | 4ú | |
| £340 | 14ú | |
| £500 | 17ú | |

[3]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**